C/2024/3632

6.6.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11562 — TASARU / BENTELER / HOLON)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/3632)

1. An 28 Bealtaine 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Benteler International AG ('Benteler', an Ostair), faoi rialú comhpháirteach CAB II GmbH, CAB Holding GmbH agus Dr. Ing. E.h. Helmut Benteler GmbH,

— National Automotive and Mobility Investment Company (TASARU Mobility Investment) ('TASARU', Ríocht na hAraibe Sádaí), atá faoi rialú Public Investment Fund ('PIF', an Araib Shádach),

— HOLON GmbH ('Holon', an Ghearmáin), atá faoi úinéireacht iomlán indíreach Benteler faoi láthair.

Gheobhaidh Benteler agus PIF rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Holon.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta dhomhanda é Benteler atá ag gabháil d'fhorbairt, táirgeadh agus dáileadh táirgí, córas agus seirbhísí le haghaidh earnálacha na ngluaisteán, an fhuinnimh agus na hinnealtóireachta meicniúla,

— Is eintiteas infheistíochta é TASARU san earnáil mótarfheithiclí agus soghluaisteachta atá faoi rialú PIF, arb é ciste infheistíochta Stáit na hAraibe Sádaí é. Tá infheistíochtaí díreacha agus indíreacha aige i roinnt earnálacha ar fud na hAraibe Sádaí agus ar fud an domhain, lena n-áirítear earnálacha an bhia agus na talmhaíochta, an fhuinnimh, na hearnála airgeadais, na monaraíochta, an eastáit réadaigh, na lóistíochta agus na seirbhísí digiteacha.

3. Tá Holon gníomhach i bhforbairt feithiclí leictreacha uathrialaitheacha.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11562 — TASARU / BENTELER / HOLON

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË